# FAOI CHUMHDACH AN CHULTÚIR



DÉ hAOINE
20
MEÁN
FÓMHAIR

CULTURENIGHT.IE
GAELTACHT CHONNACHT & LAIGHEAN 2019

OÍCHE CHULTÚIR

Is ócáid ollmhór bhliantúil í an Oíche Chultúir a thugann ardán do shaol cultúrtha na tíre seo. Léiríonn sé íomhá chumhachtach láidir den deathionchar a bhíonn ag imeachtaí cultúrtha ar an tsochaí. Is é seo an deichiú bliain don Ghaeltacht a bheith páirteach ann agus tá imeachtaí eagraithe go speisialta ar fud na Gaeltachta, saor in aisce, ag ealaíontóirí agus ag eagrais ealaíon i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta Teo. Is luach fíorthábhachtach iad na healaíona maidir le híomhá na tíre go hidirnáisiúnta agus maidir le féiniúlacht na Gaeltachta a chur os comhair an phobail i gcoitinne. Is deis atá san oíche seo cur i gcuimhne dár bpobal féin agus go náisiúnta an ealaín ardchaighdeánach atá á cruthú sa Ghaeltacht agus a bheith bródúil as. Bígí linn agus blaisigí den saibhreas cultúrtha atá curtha ar fáil saor in aisce in bhur gceantair!

Culture Night is the largest platform to showcase the country's cultural offering and represents an extremely powerful and positive image of the vast contribution culture can make to our society. It celebrates the cultural and artistic richness of Ireland and provides us all with opportunities to participate in cultural events throughout the country. This year is the tenth year the Gaeltacht is involved and artists and arts organisations in conjunction with Ealaín na Gaeltachta Teo, have come together to organise a wealth of activities for you to participate in or simply enjoy at your leisure. It is a fantastic occasion to showcase the rich, valuable and unique cultural vibrancy of the Gaeltacht. Remember, all events are free of charge so join us in celebrating your culture!

*An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a dhéanann comhordú ar an Oíche Chultúir, i gcomhpháirt le Ealaín na Gaeltachta sa Ghaeltacht.*

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

OÍCHE CHULTÚIR

## GAILLIMH

**Róisín Seoighe agus cairde**
Ionad: Tigh Ghiblin, An Spidéal
Am/time: 8i.n.

**Man of Aran le ceol nua-chumtha**
Ionad: Áras Éanna
Am/time: 7.30-11i.n.

**Cór Chois Fharraige**
Ionad: Leabharlann na Ceathrún Rua
Am/time: 6-8i.n.

**Físealaíontóirí Chúl an Tí**
Ionad: Ceardlann an Spidéil
Am/time: 7i.n.

**Cóisir Tí le Fibín**
Ionad: An Tulach, Baile na hAbhann
Am/time: 7i.n.

**Seoladh Plean Teanga Chonamara Láir**
Ionad: Coláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh, Ros Muc
Am/time: 7-10.30i.n.

**Scéalta ón staid reatha**
Ionad: Mol Teic na Ceathrún Rua
Am/time: 7i.n.

**Oíche amhránaíochta**
Ionad: An Chistin, An Cheathrú Rua
Am/time: 9.30-11.30i.n.

## MAIGH EO

**Scléip Thuar Mhic Éadaigh**
Ionad: Tigh Mháire Luke
Am/time: 7.30-9.30i.n.

**Bus Ceoil Acla**
Ionad: Ag fágáil ón Compass
Am/time: 7.30-9.30i.n.

**Bain triail as...!**
Ionad: Áras Mhic Gluaire
Am/time: 9i.n.

## AN MHÍ

**Crónán na mBeach**
Ionaid: Leabharlann Ráth Chairn & An Bradán Feasa
Am/time: 8i.n. ar aghaidh

Sonraí ar fad ar chúl na bileoige

Sonraí na n-imeachtaí cruinn ag am cló na poiblíochta

Tá gach eolas le fáil ar na himeachtaí Gaeltachta ar fad ag www.culturenight.ie

# Oíche Chultúir sa Ghaeltacht
## DÉ hAOINE 20 MEÁN FÓMHAIR


Róisín Seoighe, Ambasadóir Oíche Chultúir na Gaeltachta

# Co. na Gaillimhe

## Róisín Seoighe agus cairde

**Ionad:** Thuas staighre i dTigh Ghiblin

Beidh scléip siamsaíochta go deireanach thuas staighre Tigh Ghiblin, le ceol, rince agus amhránaíocht. I dteannta Róisín beidh ceoltóirí is fonnadóirí Tadhg Mac Dhonnagáin, Ruairí Mac Con Iomaire, Gearóid Ó Murchú, Caitlín Ní Chualáin, Steve Sweeney, Becky Ní Éallaithe, Colm Seoighe

*What a treat! Join the very talented Gaeltacht Culture Night Ambassador, Róisín Seoighe celebrating all that is Conamara with her talented musician and singer songwriter friends.*

**Am/time:** 8i.n
**Seoladh/address:** An Spidéal

## Ceol nua 'Man of Aran'

**IONAD:** Áras Éanna, Inis Oírr

Beidh Áras Éanna ag taispeáint an scannán *Man of Aran* le ceol nua-chumtha ó Simon O'Reilly agus an Dr Alex Browne. Beidh deis ag an bpobal gach gné d'Áras Éanna a fheiceáil agus páirt a ghlacadh in imeachtaí.

*Take yourself to the island of Inis Oírr, and see what Áras Éanna has to offer. Enjoy the film* Man of Aran *with newly composed music by Simon O Reilly and Dr Alex Browne.*

**Am/time:** 7.30-11i.n
**Seoladh/address:** Inis Oírr, Cuan na Gaillimhe
**Fón/phone:** 099-75150
**Idirlíon:** www.araseanna.ie
**R-phost:** araseanna@gmail.com


'Tiger' King i radharc as an *Man of Aran*.



## Scéalta ón staid reatha

**Ionad:** Mol Teic na Ceathrún Rua

Scéalta lucht iarrtha tearmainn le feiceáil agus le cloisteáil i dtrí Mhoil Teic Gaeltachta. Curtha i láthair ag Stiúideo Tig na Cúirte.

*Narratives from a current state: Asylum Seekers present their narrative via live feed projections in three Gaeltacht Digital Hubs.*

**Am/time:** 7i.n
**Seoladh/address:** An Cheathrú Rua

## Ócáid seolta Phlean Teanga Chonamara Láir

**Ionad:** Coláiste Chuimhneacháin an Phiarsaigh, Ros Muc

Seolfaidh Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht, agus do na hOileáin, Seán Kyne, Plean Teanga Chonamara Láir. Cuirfear sóláistí agus ceol ar fáil ar an oíche. Fáilte roimh chách!

*Minister Seán Kyne will launch the language plan for Conamara Láir. All welcome!*

**Am/time:** 7-10.30i.n
**Seoladh/address:** Ros Muc
**Fón/phone:** (095) 32688
**Idirlíon:** www.conamaralair.ie
**R-phost/email:** opt@conamaralair.ie



## Cór Chois Fharraige

**IONAD:** Seanscoil Sailearna

Binn: Glúnta Chois Fharraige agus Conamara ag roinnt a gcuid ceoil agus a gcuid amhránaíochta lena chéile. Taispeántas ceoil ó Chór Chois Fharraige agus Ceoltóirí Óga

Chois Fharraige, amhránaíocht, filíocht agus damhsa. Míle fáilte roimh chuile dhuine!

**Am/time:** 7.30 i.n.
**Seoladh/address:** Indreabhán, Co. na Gaillimhe
**Fón/phone:** 091 593 017


Ealaín Chladaigh

## Fís-ealaíontóirí Chúl an Tí

**Ionad:** Ceardlann an Spidéil

Ceardlann chomhoibritheach bunaithe ar an gcladach le Andrea Rossi agus Lelia Ní Chathmhaoil. Fáilte roimh gach duine!

*See you on the seashore for a special participatory workshop!*

**Am/time:** 7i.n
**Seoladh/address:** An Spidéal
**Fón/phone:** 087 6055488
**Idirlíon/website:** Facebook Cúl an Tí

## 'Cóisir Tí' le Fíbín

**Ionad:** Ceannáras Fíbín

Léireoidh Fíbín an dráma nua 'Cóisir Tí' le Philip Doherty amuigh faoin aer. Foireann aisteoirí áitiúla a bheas ina mbun, le ceol clasaiceach agus rince comhaimseartha.

*An outdoor production of Fíbín's new play 'Cóisir Tí'.*

**Am/time:** 7:30i.n
**Seoladh/address:** An Tulach, Baile na hAbhann.
**Fón/phone:** (091) 505 591
**Idirlíon/website:** www.fibin.com
**R-phost/email:** fibinteo@gmail.com

## Abair amhrán

**Ionad:** An Chistin, An Cheathrú Rua

Amhráin Ghaeilge (idir shean agus nua) agus Bailéid Bhéarla.

*Join in and sing along with the singing session in An Cheathrú Rua.*

**Am/time:** 9.30-11.30 i.n
**Seoladh/address:** An Cheathrú Rua
**Fón/phone:** 091-572177
**Idirlíon:** www.ancheathrurua.ie

# Co. Mhaigh Eo

## Bain triail as!

**IONAD:** Áras Inis Ghluaire

Bígí linn in Áras Inis Gluaire agus bain triail as gach rud atá le tairiscint againn. Beidh teagascóirí drámaíochta agus damhsa i láthair le blas a thabhairt daoibh ar na ceardlanna. Freisin, beidh deis agaibh bualadh le — agus eolas a fháil ar — ár ngrúpaí ealaíne agus scríbhneoireachta.

*Join us this in Áras Inis Gluaire and try out all that we have to offer. With a wide variety of instruments to try with tutors on hand to guide you. Experience our dance and drama workshops and engage with our many active artistic groups in the afternoon.*

**Seoladh/address:** Sráid an Teampaill, Béal an Mhuirthead
**Fón/phone:** 09781079
**Idirlíon/website:** www.arasinisgluaire.ie
**R-phost/email:** info@arasinisgluaire.ie

## Scléip Thuar Mhic Éadaigh

**Ionad:** Tigh Mháire Luke

Tráthnóna ceoil, amhránaíochta agus damhsa leis an mbanna ceol Ceann Gólaim as Conamara i gcuideachta ceoltóirí agus damhsóirí áitiúla, le tae, sólaistí, comhluadar agus comhrá!

*Join us for an evening of music, dance and songs from local artists and special guests, the band Ceann Gólaim from Conamara.*

**Am/time:** 7.30-9i.n
**Seoladh/address:** Tuar Mhic Éadaigh
**Fón/phone:** 094-9544295/087-6335477
**Idirlíon/website:** tourmakeady.com
**R-phost/email:** eolas@tourmakeady.com

## Bus Ceoil Acla

**IONAD:** Ag tosú ag an Compass agus ag stopadh ag láthair éagsúla i bparóiste Acla

Tobthuras bus le ceoltóirí traidisiúnta an pharóiste.

*Trad music bus tour with Scoil Acla musicians*

**Am:** 9 i.n.
**Seoladh/address:** Acaill
**Fón/phone:** 085 881 9548
**Idirlíon/website:** https://scoilacla.ie/
**R-phost/email:** info@scoilacla.ie

# Co. na Mí



## Crónán na mBeach

**IONAD:** Leabharlann Ráth Chairn

Léacht agus taispeántas le Simon Ó Cróinín faoi cheird na beachaireachta i gcultúr na hÉireann ó ré Naomh Gobnait go dtí an lá inniu. Leanfar leis an oíche sa Bhradán Feasa, an áit a bheidh seisiún ceoil agus blaiseadh le fáil de mheá, fíon ársa déanta as mil na Mí.

*Bee-keeping talk and exhibition!*

**Am/time:** 8-9 i.n.
**Seoladh/address:** Ráth Chairn
**Fón/phone:** 046-9432381
**Idirlíon/website:** www.rathchairn.com



*Sonraí na n-imeachtaí cruinn ag am cló na poiblíochta
*Gach eolas le fáil ar na himeachtaí Gaeltachta ar fad ag www.culturenight.ie

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme 2017–2022
ealaín